

Coláiste Bhréanainn



Baile an Bhuineánaigh

# Coláiste Bhréanainn

(Comharchumann Íde Naofa Teoranta)

Seol gach litir chuig:

Coláiste Bhréanainn  
Baile an Bhuineánaigh  
Co. Chiarraí.  
Fón 068-27216 (samhradh)  
www.colaiстеbbb.ie

ríomhphost eolas@colaiстеbbb.ie

18 Sr. Thomáis  
Luimneach  
Fón 061-400987.  
087-2372197

## Beartas Sláinte agus Sábháltachta Coláiste Bhréanainn

### Clár

<b>Clár</b>	<b>0</b>
<b>Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta</b>	<b>1</b>
Struchtúr Bhainistíocht Sábháilteachta an Choláiste	3
Comhairliúchán le Fostaithe	3
Dualgais Sláinte agus Sábháilteachta na bhFostaithe	3
Forálacha an Ráitis Sábháilteachta	4
Contúirt a Aithint agus Measúnú Riosca	4
Tine	4
Sábháilteacht Tine sa Choláiste	5
Tine	5
Eagrúchán do Dhruil Tine	6
Seisiún na hoíche:	6
Foláireamh Druil Tine	6
Aslonnú	7
Tionól	7
Uimhreacha Gutháin Práinneacha	7
Garchabhair	8
Garchabhair sa Choláiste	10
Timpistí/Eachtraí	10
Leictreachas	10
Timpeallacht Ghinearálta Oibre	11
Sciarradh, Tuisle agus Titim	11
Sábháilteacht na seomraí ranga	11
Bóithre agus Trácht	12
Maoirseacht	12
Ceimiceáin	12
Gáis Chomhbhrúite	13

Drúgaí agus Cógas	13
Cosc ar Chaitheamh Tobac, Drugaí agus Alcól	13
Galair Ionfhabhtaíocha	14
Teicneolaíocht	14
Fóin	14
Gléas leictreonacha	14
Líonraí sóisialta	14
Guaiseacha a aithint agus a mheas	15
Aguisíní	20

## Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta

Deimhníonn Coláiste Bhréanainn a gcuid freagrachtaí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus 2010 agus reachtaíocht ghaolmhar. Táimid ag iarraidh a chinntiú, a mhéid is féidir, go mbeidh pobal an Choláiste ina iomláine sábháilte agus sláintiúil ag obair agus ag freastal ar an gColáiste.

Tá an Ráiteas seo bunaithe ar ghuaiseacha a aithint agus measúnú a dhéanamh ar an mbaol do shábháilteacht agus sláinte sa Choláiste seo. Déanfaidh bainistíocht an Choláiste a chinntiú chomh fada is atá réasúnta:

- Go mbeidh leagan amach agus cothabháil an Choláiste sábháilte
- Go mbeidh bealach isteach agus amach sábháilte as aon áit a mbíonn daoine ag obair iontu.
- Go mbeidh pleanáil, eagrú gníomhú agus cothabháil ar chóráis oibre chun sábháilteacht agus sláinte a chothú.
- Go ndéanfar stiúradh, comhairleach agus feitheoireacht ar bhaill fhoirne chomh fada agus atá praiticiúil chun sábháilteacht agus sláinte an Choláiste ina iomláine a chothú.
- Go mbeidh aon trealamh nó innill sa Choláiste ag obair i gceart chun sábháilteacht agus sláinte a chothú.
- Go mbeidh plean siúl le bóthar i bhfeidhm le maoirseacht chun sábháilteacht agus sláinte na páistí agus foirne a chothú.
- Go mbeidh plean Busanna agus Turais lae le maoirseacht chun sábháilteacht agus sláinte na páistí agus foirne a chothú.
- Go mbeidh foirne an Choláiste ar an eolas faoin bplean éigeandála & tine.
- Go mbeidh duine ainmnithe ar gach cúrsa mar ionadaí sábháilteachta an chúrsa sin.
- Déanfaidh bainistíocht an choláiste athbhreithniú rialta ar an Ráiteas Sábháilteachta agus a chinntiú go mbeidh sé suas chun dáta

---

Colm Ó Cathasaigh (Rúnaí)

---

Anne Marie Scully (Cathaoirleach)

---

(Oifigeach Slándála)

Dáta \_\_\_\_\_

## Struchtúr Bhainistíocht Sábháilteachta an Choláiste

Mar fhostóir, tá Coláiste Bhréanainn freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is féidir go réasúnach.

Tá Stiúrthóirí an Choláiste freagrach as bainistiú feidhmeach sláinte agus sábháilteachta an Choláiste.

Mar chuid dá bhfeidhm bhainistíochta, tá an tIonadaí Ainmnithe, an Phríomhoide, an Leas Phríomhoide, na Múinteoirí, na Cinnirí agus Mná Tí an cúrsa freagrach as a chinntiú, a mhéid is féidir go réasúnach, go gcuirfear beartas sábháilteachta an Choláiste i bhfeidhm agus tá siad freagrach as sláinte agus sábháilteacht aon duine ag obair, ag staidéar nó ar cuairt sna limistéir faoina gcúram a chinntiú.

## Comhairliúchán le Fostaithe

Sa Choláiste, tá ionadaí sábháilteachta ainmnithe agus tá pictúir an duine sin crochta ar an mballa le linn tréimhse an chúrsa. Sonraíonn an tAcht go bhféadfaidh ionadaí sábháilteachta dul i gcomhairle le bainistíocht an Choláiste mar gheall ar cheisteanna sábháilteachta, thar ceann na bhfostaithe. Cé nach bhfuil an tionadaí sábháilteachta freagrach as beartas sábháilteachta a chur i bhfeidhm ó lá go lá, is pointe maith teagmhála iad le ceisteanna ginearálta sábháilteachta a chur orthu.

## Dualgais Sláinte agus Sábháilteachta na bhFostaithe

Tá dualgais shonracha sláinte agus sábháilteachta ar fhostaithe de réir an Achta seo a leanas iad.

1. Gan an dlí a bhriseadh agus aire réasúnach a thabhairt do do shábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile.
2. Gan a bheith faoi thionchar ábhar meisceach a chuirfidh sábháilteacht ag an obair i mbaol.
3. Comhoibriú leis an bhfostóir agus le daoine eile.
4. Gan a bheith i mbun iompar míchuí.
5. Freastal ar oiliúint a bhaineann le sábháilteacht nó obair.

6. Úsáid cheart a bhaint as aon éadaí, trealamh nó bearta cosanta eile a chuirfear ar fáil.
7. Aon obair chontúirteach, marach sábháilteachta nó sárúithe atá ar eolas agat a thuairisciú.
8. Gan damáiste a dhéanamh d'aon turas nó cur isteach ar threalamh sábháilteachta nó bearta sábháilteachta eile nó duine ag an obair a chur i mbaol d'aon turas.

Chomh maith leis na dualgais thuas, tá freagracht shonrach as sláinte agus sábháilteacht tugtha go foirmiúil do dhaoine i bpoist áirithe.

## Forálacha an Ráitis Sábháilteachta

Ba chóir go dtabharfadh ráitis sábháilteachta an t-eolas ar fad a shonraíonn an tAcht agus tá leagan amach caighdeánach orthu de réir na dteideal seo a leanas:

## Contúirt a Aithint agus Measúnú Riosca

Is é an chiall atá le contúirt ná go bhféadfaí duine/daoine a ghortú nó cur isteach ar a s(h)láinte. Caithfidh aonaid gach contúirt a d'fhéadfadh a bheith ina limistéir agus ina ngníomhaíochtaí a aithint. Déanadh measúnú riosca ar an gcontúirt sa Choláiste a mheas agus is mar seo a leanas atá:

## Tine

Tá sé mar pholasaí ag Coláiste Bhréanainn:

- (i) Go gcinnteoidh an bhainistíocht go bhfuil a dhóthain Múchtóirí Tine atá oiriúnach don ionad teagaisc agus go bhfuil tástáil bhliantúil déanta orthu ag comhlacht aitheanta.
- (ii) Go gcinnteoidh Príomhoide gach cúrsa go ndéantar Druil Tine ar a laghad uair amháin le linn cúrsa Gaeilge.
- (iii) Beidh treoracha ag gach Múchtóir Tine maidir lena úsáid.
- (iv) Go gcinnteoidh bainistíocht an choláiste go bhfuil teastas tástáil bhliantúil ag an gcóras aláram tine.

- (v) Go mbeidh fógraí doirse éalaithe agus bealaí éalaithe priontáilte agus crochta taobh istigh de gach doras inmheánach.
- (vi) Go mbeidh gach doras, fuinneog éalaithe agus pasáiste agus bealach amach saor ó bhac i gconaí.
- (vii) Go mbeidh Ionad Tionóil marcáilte go soiléir taobh amuigh den Fhoirgneamh
- (viii) Príomhoide an chúrsa atá freagrach as an Druil Tine a dhéanamh.
- (ix) Go gcuirfí aon mholtaí a dhéanann an tOifigeach Tine i bhfeidhm.

## Sábháilteacht Tine sa Choláiste

Tá sé mar pholasaí ag Coláiste Bhréanainn seiceáil ar na gnéithe seo leanas sa choláoste roimh tús an chúrsa le déanamh cinnte go bhfuil:

- (i) go bhfuil a dhóthain Múchtóirí Tine atá oiriúnach don fhoirgneamh agus go bhfuil tástáil bhliantúil déanta orthu ag comhlacht aitheanta.
- (ii) Go gcinnteoidh Príomhoide gach cúrsa go bhfuil Druil Tine déanta ar an gcéad lá den chúrsa Gaeilge agus go bhfuil taifead déanta dó.
- (iii) Go mbeidh fógraí doirse éalaithe agus bealaí éalaithe priontáilte agus crochta taobh istigh de gach doras inmheánach.
- (iv) Dualgas Mhná tí go mbeidh gach doras, fuinneog éalaithe agus pasáiste agus bealach amach saor ó bhac i gcónaí.
- (v) Bainistíocht nó Príomhoide an chúrsa a dhéanfaidh an tseiceáil seo agus beidh síniú an té sin ag teastáil ar taifead an Druil Tine don chúrsa sin.

## Tine

I gcás tine, seo a leanas na nósanna imeachta dóiteáin sa Choláiste.

- Buail an t-aláram tine mura bhfuil sé ag imeacht cheana féin.
- Ná cuir tú féin i mbaol.
- Imigh as an bhfoirgneamh ar an bpointe – ná déan moill ag bailiú do mhaoin phearsanta.
- Dún na doirse ar fad i do dhiaidh.
- Siúil go scafánta – ná rith – chuig an bpointe éalaithe is gaire.

- Tionóil ag an ionad tionóil.
- Ná seas ar an staighre ag blocáil bealaí éalaithe.
- Ná húsáid ach múchtóirí tine a fheileann don tine agus ach nuair atá sé sábhailte.
- Ná téigh isteach san fhoirgneamh arís.

Níor chóir do dhuine neamhoilte iarracht a dhéanamh tine a mhúchadh in aon chás.

Ba chóir gach tine a thuairisciú ar an bpointe chuig oifigigh an Choláiste.

## Eagrúchán do Dhruil Tine

**1. Pointe Tionóil:** An Cúirt Cispheile

**2. Pointe Tionóil:** An Siopa

Seomra ranga 1	-	Pointe Tionóil 2
Seomra ranga 2	-	Pointe Tionóil 1
Seomra ranga 3	-	Pointe Tionóil 2
Seomra ranga 4	-	Pointe Tionóil 2
Seomra ranga 5	-	Pointe Tionóil 1
Seomra ranga 6	-	Pointe Tionóil 1

## Seisiún na hoíche:

Suanliosanna na gcailíní	-	Pointe Tionóil 2
Suanliosanna na mbuachaillí	-	Pointe Tionóil 1

## Foláireamh Druil Tine

Nuair a bhuaileann an cloigín an t-aláram tine, ba chóir go mbeadh ciúnas iomlán sa seomra ranga nó cibé áit ina bhfuil tú.

## Aslonnú

Tá an múinteoir ranga i bhfeighil go hiomlán ar a rang féin. Fágann gach rang an seomra ranga i gciúnas iomlán. An múinteoir an duine deireadh a fhágann an rang agus a chinnteoidh go bhfuil na fuinneoga agus doirse ar fad dúnta. Caithfidh an múinteoir an leabhar rolla/liosta tinreamh a thabhairt leo.

Téann an múinteoir go dtí an pointe tionóil atá luaite don seomra ranga sin. I gcás na seisiún oíche, siúlann gach duine amach na bealaí éalaithe go ciúin go dtí pointí tionóil 1 agus 2.

## Tionól

**Seomra Ranga:** Nuair a thagann na scoláirí go dtí na bpointí tionóil, glaonn an múinteoir an rolla le cinntiú go bhfuil gach scoláire i láthair.

**Seisiún Oíche:** Déanann na múinteoirí cinnte go bhfuil gach scoláire ó na suanliosanna i láthair.

## Uimhreacha Gutháin Práinneacha

Roimh chás éigeandála, ní mór na huimhreacha gutháin atá le húsáid a bheith ar eolas ag Bainistíocht, Príomhoide agus Leas-Phríomhoide an chúrsa. Tá siad priontáilte agus crochta timpeall na háite. Ba chóir do gach múinteoir na huimhreacha práinneacha a chur isteach ina fón póca. I gcás éigeandála, cuir glaoch ar na seirbhísí éigeandála ar 999 nó ar 112. Tá treoracha sonracha chun teacht chuig an Ionad teagaisc le feiceáil go héasca ar an mballa mar aon leis an bpostcód.

Agus glaoch á dhéanamh, bíodh an t-eolas tábhachtach agat do na seirbhísí éigeandála.



I gcás éigeandáil leighis, tá an t-eolas seo sonraithe thíos.

Ainm an Dochtúir: Ocean Medical  
 Uimhir an Dochtúir: 068-27406/ 0871742908 (I gcás práinneach amháin)  
 Seoladh an Dochtúir: Cliff Rd, Ballybunion, Co. Kerry  
 Am oscailte an Clinic: Luan, Máirt, Déardaoin, Aoine 9-12.30, 14.30-17.15  
 Céadoin 9-12.30

Uimhir taobh amuigh den ghnáth am an chlinic: Southdoc 1850-335999

Agus glaoch éigeandála á dhéanamh agat, ná himigh den ghuthán go mbeidh tú cinnte go bhfuil an teachtaireacht faighte i gceart agus go bhfuil an t-eolas riachtanach ar fad ag na seirbhísí éigeandála.

## Garchabhair

Is riachtanas dlí garchabhair a sholáthar sa Choláiste faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2005 agus 2010. Tá oibríthe garchabhrach agus trealamh garchabhrach ar fáil sa chistin. Tá ainm an oibrí garchabhair ( Príomhoide, leaspríomhoide agis Ard-Bhean an Tí) don chúrsa Gaeilge seo priontáilte agus crochta ar an mballa in éineacht le sonraí tábhachtach eile,(Duine ainmnithe Churám Leanaí agus Ionadaí Shábháilteacht agus Sláinte.

Caithfear cinntiú go bhfuil a fhios go himmheánach cé hiad na hoibríthe garchabhrach trí phóstaer sábháilteachta a bheidh crochta go feiceálach. Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis na fostaithe seo má ghortaítear duine nó má bhíonn tinneas ar dhuine agus garchabhair ag teastáil uaidh/uaithi. Má theastaíonn cúnamh breise leighis, ba chóir an duine a thabhairt chuig an ospidéal nó ba chóir teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála, mar is cuí.

Déantar cinnte go bhfuil bosca gharchabhair ar fáil ag aon am leis na rudaí seo leanas ann:

- Meascáin Bhindealáin
- Bindealáin thriantánacha
- Téip hiopailéirgineach

- Siosúr
- Maipíní uige
- Pillíní steiriúla
- Greimlín uisce dónach
- Ciarsúir antaiseipteacha
- Pionsúirín
- Cóirithe Steiriúla le bindealáin
- Lámhainní Máiliachta
- Éadach le cur timpeall ar phacáiste oighir
- Glóthach Fuaraithe do dó (Dóigh gléine san áireamh)
- Pacáistí oighir reoite sa reoiteoir
- Uachtar Gréine
- Uiscealach Súil
- Uachtar Ailléirge
- Milk of Magnesia
- Uachtar antaiseapteach

**N.B.**

Ba chóir 2 Peann Incline/Epi-Pen a bheith ag gach scoláire le hailléirge.

1. Ceann sa Choláiste
2. Á iompar ag an scoláire ina mhála.

Caithfear lámhainní indiúscartha a úsáid i gcónaí nuair a bhíonn garchabhair a riaradh.

Polasaí Choláiste Bhréanainn an scoláire tinn a thabhairt chuig an Dochtúir áitiúil nó díreach chuig an Ospidéal más gá. Déanfar teagmháil láithreach le tuismitheoir an scoláire agus cuirfear ar an eolas iad faoi gach gné den tinneas.

## Garchabhair sa Choláiste

Caithfidh bosca Garchabhair lán a bheith sa choláiste, sa chistin. Caithfear a chur in iúl do na Múinteoirí agus Cinnirí cá mbíonn an bosca lonnaithe. Caithfear aon leigheas a bhaineann leis na scoláirí a bheith stóráilte in áit sábháilte (bosca sa chistin, ní sa suanliosanna). Caithfear ainm an scoláire a bheith ar an leigheas agus modh úsáidte scríofa go soiléir air. Beidh na Mná Tí curtha ar an eolas faoi aon riocht sláinte atá ar an scoláire roimh an chúrsa.

## Timpistí/Eachtraí

Faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair agus chun críocha coisctheacha, caithfidh aon fhostaí, scoláire nó cuairteoir a dtarlaíonn timpiste dó ar thailte an Choláiste nó agus é i mbun obair an Choláiste ar láthair eile (e.g. obair allamuigh) an méid a tharla a thuairisciú ar an bpointe agus foirm um thuairisciú timpistí an Choláiste a líonadh. Tá foirmeacha um thuairisciú timpistí le fáil ó Phríomhoide nó Leas Phríomhoide.

## Leictreachas

Nuair a úsáidtear trealamh leictreach i gceart agus nuair a chothaítear i gceart é, bíonn sé sábháilte. Agus leictreachas in úsáid, cinnteoidh an méid seo a leanas:

- go seiceáiltear trealamh go rialta, go háirithe trealamh iniompartha (PAT)
- nach bhfuil aon cheangal scaoilte agus nach bhfuil aon damáiste déanta do cháblaí
- nach bhfuil damáiste déanta d'fhearais
- nach bhfuil seoláin ag gobadh amach
- nach bhfuil aon bhaol go ndóirtfí leachtanna sa limistéar
- go bhfuil an fhiúsrátáil cheart in úsáid

Teastaíonn gairis srutha iarmharaigh (RCDs) in go leor cásanna agus ní mór dóibh a bheith i gcóir mhaith chun go n-oibreoidís i gceart.

## Timpeallacht Ghinearálta Oibre

### Sciorradh, Tuisle agus Titim

Sciorradh, tuisle agus titim is cúis le lear mór timpistí. Tarlaíonn go leor de na timpistí seo nuair a bhíonn daoine ag bogadh nó ag iompar ualaí agus d'fhéadfadh droch-urláir, droch-shoilse nó mí-ord a bheith mar chúis leis.

Is féidir na timpistí seo a chosc go héasca ach na céimeanna seo thíos a ghlacadh:

- Aon ní a dhoirtear ar na hurláir a thriomú go sciobtha.
- Ná lig do sheoláin atá ag gobadh amach tuisle a bhaint as duine.
- Damáiste d'urláir etc. a thuairisciú le deisiú.
- Cinntigh go bhfuil neart solais ar aon staighre.
- Cinntigh go bhfuil pasáistí agus dorchlaí néata.

### Sábháilteacht na seomraí ranga

Cé nach áiteanna contúirteacha iad na seomraí ranga, tarlaíonn timpistí. Is féidir leis na bearta bunúsacha seo a leanas timpistí mar sin a sheachaint:

- Bíodh bealaí isteach agus amach saor ó bhacainní i gcónaí.
- Ná bíodh seoláin (chuig ríomhairí nó gutháin mar shampla) ag gobadh amach. Mura féidir é seo a sheachaint, cinntigh nach mbeidh sé éasca tuisle a bhaint as duine orthu.
- Bí cúramach agus ualaí á láimhseáil agat. Ná stóráil nithe troma ró-ard ná ró-íseal ar sheilfeanna – bheadh sé níos fearr iad a stóráil ag leibhéal do bhásta.

- Cinntigh go bhfuil gilitíní gearrtha páipéir agus trealamh contúirteach eile cosanta i gcónaí.

## Bóithre agus Trácht

Caithfear aird a thabhairt ar gach marc bóthair, teorainneacha luais agus comharthaí tráchta taobh amuigh den Choláiste. Caithfear déanamh cinnte go mbeidh na príomh bealaí isteach agus amach ón gColáiste glan ó thrácht i gcónaí, go speisialta nuair atá tuismitheoirí tagtha ar chuairt. Caithfear cinntiú go mbaineann mionbhus nó bus an Choláiste úsáid as an spás pháirceála atá ann dóibh agus nach mbíonn siad sa bhealach ar na príomh bealaí isteach agus amach. Caithfear cinntiú go shiúlann na daltaí i líne singil nuair is gá agus go bhfanann siad ar an gcosán i gcónaí. Beidh múinteoir/ceannaire i gcónaí ag bun agus barr na líne daltaí. Beidh ar na daltaí treoracha na múinteoirí/ceannairí a leanúint i gcónaí.

## Maoirseacht

Déanann an príomhoide clár ama maoirseachta amach le haghaidh gach cúrsa sa choláiste. Eagraíonn sé/sí maoirseacht roimh na ranganna, ag am sosa, l rith am saor ( ar an gclós agus sna suanliosanna), ar an trá, ag siúl go dtí an trá, ar turasanna, nuair a bhíonn na daltaí as baint úsáid as ceathanna agus leithris. Sa choláiste tá cead acu dul go dtí an leirthreas ina n-aonair ach ar an trá bíonn orthú dul i ngúpa do 3 nó 4. Bíonn orthú ceist a chur ar múinteoir nó ceannaire i gcónaí agus a rá nuair atá siad ar ais. Tá a fhios ag gach ball foirne nach bhfuil cead acu a bheith ina aonair i leith comhairlithe duine le duine.

## Ceimiceáin

Rialaíonn na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) obair le gníomhairí ceimiceacha. Caithfear bileoga sonraí sábháilteachta a choinneáil do gach ceimiceán in úsáid agus a bheith ar fáil do gach úsáideoir le seiceáil agus chun críocha leigheas éigeandála. Coinneofar ceimiceán, tonóir don inneall cóipeála, glantach srl in áirtheanta, le

treoracha úsáide agus réamhchúraim orthu. Coinneofar iad faoi ghlas. Caithfear gach duine atá ag baint úsáid as ceimiceáin lámhíní a chaitheamh.

## Gáis Chomhbhrúite

Tá gás sorcóra, a úsáidtear sa Choláiste, sábháilte má dhéileáiltear leis i gceart. Caithfidh an t-úsáideoir bileoga sonraí sábháilteachta a choinneáil do gach cineáil gáis a úsáidtear, agus caithfear aird a thabhairt ar na moltaí a shonraítear sna bileoga agus na Cóid Chleachtais chuí. Tá treoirínte le fáil ón soláthróir maidir le gáis sorcóra a úsáid. Teastaithe Mí Lúnasa 2017 agus maireann an teastais ar feadh 5 blian. Tá an teastas in oifig an phríomhoide.

## Drúgaí agus Cógas

Is é polasaí Choláiste Bhréanainn go gcoinneofar aon drugaí nó leigheas na scoláirí i gcófra slán, sa chistin. Beidh drugaí nó leigheas an scoláire i mála trédhearcach agus beidh ainm an scoláire, modh úsáidte an leigheasar lipéad taobh amuigh den mhála. Tá uimhir theagmhála an tuismitheora ar fail in oifig an phríomhoide. Má tá aon leigheas nach bhfuil ag an dalta ag teastáil beidh ar an príomhoide nó leaspríomhoide glaoch a chur abhaile chun cead a fháil an leigheas sin a thabhairt don dhalta. Siad an duine gharchabhair atá ainmnithe don chúrsa sin a dhéanann riaradh ar na drugaí agus Cógas.

## Cosc ar Chaitheamh Tobac, Drugaí agus Alcól

Ar chúinsí sláinte agus sábháilteachta tine agus chun Achtanna Tobac (Cur Chun Cinn agus Cosaint Sláinte) 2002/2004 a chomhlíonadh, tá cosc ar drugaí, alcól, chaitheamh tobac agus e-toitíní do ghach dalta i ngach foirgneamh sa Choláiste. *Déan tagairt don pholasaí tobac.*

## Galair Ionfhabhtaíocha

Is é polasaí Choláiste Bhréanainn go gcuirfear galair ionfhabhtaíochta in iúl do na húdaráis chuí, agus go leanfar na céimeanna cuí chun sábháilteacht na foirne agus na scoláirí a chinntiú ó ghalair. Déanfaidh an Coláiste gach iarracht an baol a íoslaghdú trí chloí leis na prionsabail agus díghalrú agus cuirtear lámhainní aon uaire ar fáil le húsáid d'aon fhorchur garchabhrach, tascanna glantacháin srl. Cuirtear a dóthain uisce, gallúnach agus saoráid ar fáil i gcónaí, chun fáil réidh le dramhaíl go sábháilte. Cuirtear glóthach díthabhtánach ar fáil i gcónaí do na foirne agus scoláirí.

## Teicneolaíocht

### Fóin

Bailítear fón gach scoláire ag clárúcháin nuair a shroicheann siad an choláiste. Cuirtear iad i mála plaisteach le hainm an dalta agus rang an dalta orthu. Coimeádtar iad i gcófra sábháilte atá faoi ghlas. Tá an eochar le fáil ó oifig an phríomhoide. Faigheann na daltaí a bhfóin gach dara oíche ar feadh leathuair a chloig agus bíonn orthú fanacht sa halla nó ar an gclós nuair atá na fóin in úsáid acu. Níl cead ag aon dalta fón a bheith acu thuas staighre aon uair. Tá cead ag na daltaí fón na hoifige a úsáid aon uair nuair a fhaigheann siad cead ó bhall foirne. Bíonn ar beirt ball foirne fanacht leo nuair atá siad ar an bhfón san oifig.

### Gléas leictreonacha

Tá cosc iomlán ar ríomhaire glúine, ipadanna, ipodanna, callaire nó aon ghléas leictreonach eile le cheamaire.

### Líonraí sóisialta

Roimh thús an chúrsa, síneann gach tuismitheoir ráiteas ar an bhfoirm iarratais ag rá go bhfuil/nach bhfuil cead ag an dalta a bheith luaithe ar líonraí sóisialta an choláiste.

## Guaiseacha a aithint agus a mheas

Déanfaidh gach ball foirne a ndícheall chun sábháilteacht na ndaltaí a chosaint chomh fada agus is féidir leo. Tá freagracht ar na ndaltaí chun na rialacha a leanúint, meas a létiriú ar dhaoine agus a dtimpeallach.

**Dáta:** 2018

Limistéar: Guaiseacha na seomraí ranga

<b>Guais</b>	<b>Suíomh</b>	<b>Baol</b>	<b>Beart molta chun é a réiteach</b>	<b>Freagracht</b>
Cathaoireacha	Seomra Ranga	Ag luascadh orthu & ag titim	Cuireann múinteoirí i gcuimhne do scoláirí stopadh	Múinteoir ranga
Urlár fliuch	Urláir ranga	Sleamhnú	Scrúdú rialta agus coinnigh ceirteanna gar dóibh chun iad a thriomiú	Múinteoir ranga
Ag bogadh amach as an rang	Ó rang go rang, clós srl	Titim, rith srl	Coinnigh siúl i línte ar chlégan brú	Múinteoir ranga
Rith, ag déanamh deifir	Sna Ranganna	Titim & buaileadh cinn i gcoinne troscáin nó a chéile	Riail- Siúl i gcónaí. Cur an riail i gcuimhne go minic	Múinteoir ranga



## Guaiseacha a aithint agus a mheas

Dáta: 2018

Limistéar: Guaiseacha taobh istigh

Guais	Suíomh	Baol	Beart molta chun é a réiteach	Freagracht
Scoláirí sa rang leo féin	Seomra Ranga	Timpistí	Má bhíonn ar mhúinteoir seomra a fhágáil ar chúis ar bith, eagrú leis an múinteoir béal dorais súil a choiméad ar an rang	Múinteoir ranga
Cuairteoirí chuig an Choláiste	Scoil/Turais lae/Trá	Fadhbanna Chaomhnú Páistí	Níl cead ag múinteoir rang a fhágáil le cuairteoir muna bhfuil siad réamhscrúdaithe ag an gColáiste.	Múinteoir ranga
Mataí sa Choláiste	Ag dóirse Éalaithe	Guais thuisleach	Cinntigh go bhfuil matai ata ag doirse éalaithe sábháilte agus i gcú mhaith. Athraigh iad má bhíonn siad ró-fhliuch	Príomhoide/ múinteoirí/ cinnirí/ daltaí
Trealamh spóirt	Halla	Titim, rith srl	Múinteoirí i bhfeighil ar threalamh Spóirt a chur ar ais tar éis iad a úsáid.	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí

## Guaiseacha a aithint agus a mheas

Dáta: 2018

Limistéar: Guaiseacha Clóis & Taobh amuigh

Guais	Suíomh	Baol	Beart molta chun é a réiteach	Freagracht
Trealamh spóirt	Ar an gclós	titim	larr ar na daltaí gach píosa trealamh shíniú amach/isteach sa seomra foirne agus gach rud a phioca suas.	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí
Bínsí	Ar an gclós	titim	larr ar na daltaí gan a bheith ag crocadh ar na bínsí	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí

**Guaiseacha a aithint agus a mheas****Dáta:** 2018**Limistéar:** Siúl le Bóthar

<b>Guais</b>	<b>Suíomh</b>	<b>Baol</b>	<b>Beart molta chun é a réiteach</b>	<b>Freagracht</b>
trácht	ar an mbóthar/gcosán	timpiste bhóthair	Múinteoir/Ceannaire ag bun agus barr gach líne ag tabhairt treoracha do na daltaí	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí

**Guaiseacha a aithint agus a mheas****Dáta:** 2018**Limistéar:** An Trá

<b>Guais</b>	<b>Suíomh</b>	<b>Baol</b>	<b>Beart molta chun é a réiteach</b>	<b>Freagracht</b>
gaineamh	trá	ag dul i súil	múinteoirí/cinnirí ag dul timpeall ag coimeád súil ar na daltaí agus iarraidh orthu gan a bheith ag pleidhchíocht.	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí
uisce	trá	bá	maor tarthála i gónaí ar dualgas ar an trá/ múinteoir/ceannaire i gcónaí ag an uisce nuair atá daltaí ag snámh é. Níl cead ag éinne dul ag snámh muna bhfuil an brat dearg agus buí thuas.	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí
grian	trá/clós	dó gréine goin ghréine	bíonn uachtar gréine i gcónaí ag na baill foirne agus iarrainn siad ar na daltaí é a chur orthu. larran siad ar na ndaltaí chun go leor uisce a ól.	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí

**Guaiseacha a aithint agus a mheas****Dáta:** 2018**Limistéar:** Bus agus Turais Lae

<b>Guais</b>	<b>Suíomh</b>	<b>Baol</b>	<b>Beart molta chun é a réiteach</b>	<b>Freagracht</b>
daltaí in áit difiúil	bus/ aquadome/ McDonalds / Pictiúrlann	Daltaí cailte	Rolla sula bhfágann an foireann aon áit nó sula bhfágann an bus aon áit.  Daltaí a bheith i gcónaí in am agus san áit cheart. grinnfhiosrúcháin déanta ar ghach duine a noibríonn leis na ndaltaí. Bíonn go leor maoirseacht ar siúil.	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí

**Guaiseacha a aithint agus a mheas****Dáta:** 2018**Limistéar:** Seisiún na hOíche - Céilí

<b>Guais</b>	<b>Suíomh</b>	<b>Baol</b>	<b>Beart molta chun é a réiteach</b>	<b>Freagracht</b>
titim	sa hala	gortú	Múinteoirí agus cinnirí ag déanamh maoirseacht agus ag iarraidh ar na ndaltaí gan a bheith ag pleidhchíocht	múinteoirí/ cinnirí/ daltaí

**Guaiseacha a aithint agus a mheas****Dáta:** 2018**Limistéar:** Tuismitheoirí ag teacht ag cuairt

<b>Guais</b>	<b>Suíomh</b>	<b>Baol</b>	<b>Beart molta chun é a réiteach</b>	<b>Freagracht</b>
stráinséirí	sa choláiste	daoine gan aithint	leabhar síniú amach/isteach do ghach dalta le liosta daoine ceadaithe chun iad a thógaint amach.Níl cead acu dul timpeall an choláiste agus níl cead acu dul thuas staighre aon uair	múinteoirí/ cinnirí

**Guaiseacha a aithint agus a mheas****Dáta:** 2018**Limistéar:** Suanliosanna

<b>Guais</b>	<b>Suíomh</b>	<b>Baol</b>	<b>Beart molta chun é a réiteach</b>	<b>Freagracht</b>
áit chónaithe nua	sa choláiste/suanliosanna	bullaíocht/ uaigneas bhaile/ titim	go leor maoirseacht ar siúil i gcónaí, go háirithe san oíche. Níl cead ag éinne a bheith ag rith sna suanliosanna nó malaí a chur i lár an phasáiste	múinteoirí/ cinnirí/daltaí

Aguisíní  
FOIRM THUAIRISCITHE TIMPISTE

Ainm an Scoláire:		Dáta Breithe:	
Ainm Bhean an Tí/Phríomhoide:			
Cúrsa:			
Dáta na Timpiste:		An t-am ar tharla an Timpiste:	
Cur síos ar an Timpiste:			
An chúis leis an Timpiste:			
Cé a bhí i láthair ag an am ar tharla an timpiste?			
Ainmneacha na daoine a bhí mar fhinnéithe na Timpiste:			
Céard a dhéanadh ar láthair na timpiste: m.sh, Garchabhair			
Ar thugadh chuig an Dochtúir an scoláire:			
Ar thugadh chuig an Ospidéal an scoláire:			
Ar cuireadh an Tuismitheoir/Caomhnóir ar an eolas:			
An gníomh a glacadh:			
Síniú an leas-Phríomhoide:			
Siniú an Phríomhoide:			
Dáta:			



# Coláiste Bhréanainn

(Comharchumann Íde Naofa Teoranta)

Seol gach litir chuig:

Coláiste Bhréanainn  
Baile an Bhuinneánaigh  
Co. Chiarraf.  
Fón 068-27216 (samhradh)  
www.colaistebbb.ie

18 Sr. Thomáis  
Luimneach  
Fón 061-400987.

ríomhphost eolas@colaistebbb.ie

087-2372197

## Achtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981

### Fire Fighting and Safety

General obligations with regard to fire safety.

**18.—(1)** This section applies to premises or any part thereof put to any of the following uses—

- (a) use as, or for any purpose involving the provision of, sleeping accommodation, excluding premises consisting of a dwelling house occupied as a single dwelling;
- (b) use as, or as part of, an institution providing treatment or care;
- (c) use for purposes of entertainment, recreation or instruction or for the purpose of any club, society or association;
- (d) use for purposes of teaching, training or research;
- (e) use for any purpose involving access to the premises by members of the public, whether on payment or otherwise; and
- (f) use for any other prescribed purpose, but excluding—
  - (i) premises used as a factory within the meaning of the Safety in Industry Acts, 1955 and 1980;
  - (ii) premises used as a store and subject to licensing under regulations made under the [Dangerous Substances Act, 1972](#) ;
  - (iii) a magazine, store or registered premises within the meaning of the [Explosives Act, 1875](#) ; and
  - (iv) an oil jetty within the meaning of regulations under the [Dangerous Substances Act, 1972](#) .

(2) It shall be the duty of every person having control over premises to which this section applies to take all reasonable measures to guard against the outbreak of fire on such premises, and to ensure as far as is reasonably practicable the safety of persons on the premises in the event of an outbreak of fire.

(3) It shall be the duty of every person, being on premises to which this section applies, to conduct himself in such a way as to ensure that as far as is reasonably practicable any person on the premises is not exposed to danger from fire as a consequence of any act or omission of his.

(4) A fire authority may give advice in relation to fire safety to the owner or occupier of any premises or to any person having control over any premises.

## TREORACHA I gCÁS DÓITEÁIN

1. Nuair a thugann tú tine faoi deara, buail an t-aláram ag an nglao-phointe aláram dóiteáin is gaire duit.
2. Glaoigh ar an mBriogáid Dóiteáin tríd an gcóras teileafóin éigeandála.
  - 999 nó 112 don chóras teileafóin líne talún
  - 112 don chóras teileafóin soghluaiste
3. Múch an tine, más féidir, le cibé trealamh atá ar fáil.
4. Ná cuir tú féin i mbaol.

### ASLONNÚ I gCÁS DÓITEÁIN

Léiríonn **bualadh leanúnach** an Aláram Tine go bhfuil éigeandáil dóiteáin ann – déan mar seo a leanas:

1. CINNTIGH GO bhFÁGANN GACH DUINE AN FOIRGNEAMH TRÍD AN mBEALACH ÉALAITHE IS GAIRE & TÉIGH CHUIG AN IONAD TIONÓIL DÓITEÁIN.
2. DÚN GACH DORAS.
3. NÁ hÚSÁID NA hARDAITHEOIRÍ.
4. NÁ TÉIGH ISTEACH SAN FHOIRGNEAMH ARÍS.

Má chloiseann tú aláram ag **bualadh go huaineach** ciallaíonn sé go bhfuil an éigeandáil dóiteáin áit éigin in aice leat – ba cheart duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. FAIGH AMACH CÁ BHFUIL AN T-ALÁRAM AG BUALADH.
2. NÁ CUIR TÚ FÉIN I MBAOL.
3. NÁ hÚSÁID NA hARDAITHEOIRÍ.
4. BÍ RÉIDH LE GACH DUINE A CHUR AMACH AS AN bhFOIRGNEAMH.

**Is é an Pointe Tionóil Dóiteáin don Chrios Dóiteáin seo:**

(féach na fógraí dóiteáin atá timpeall ort)

- |       |   |
|-------|---|
| FAIGH | 1. Cá bhfuil an BEALACH AMACH IS GAIRE duit.                |
|       | 2. Cá bhfuil an GLAOPHOINTE ALÁRAIM DÓITEÁIN IS GAIRE duit. |
| AMACH | 3. Cá bhfuil an GUTHÁN 999/112 IS GAIRE duit.               |
|       | 4. Cá bhfuil an TREALAMH MÚCHTA TINE IS GAIRE duit.         |
| ANOIS | 5. Cá bhfuil an POINTE TIONÓIL DÓITEÁIN.                    |

## **FÓGRA TINE NUAIR A THUGTAR TINE FAOI DEARA:**

1. Buail an t-aláram tríd an ngloine ar an aláram is gaire a bhriseadh.
2. Ghlaoih ar 999 nó 112 chun glao a chur ar an mbriogáid dóiteáin.
3. Más tine bheag í, ba chóir don fhoireann an fearas cuí is gaire a úsáid, má fheileann sé don tine e.g. ná húsáid uisce ar thinte leictreacha nó leachtanna inlasta.

TÁBHACHTACH: Níor chóir do scoláirí iarracht a dhéanamh tine a mhúchadh in aon chás.

## **MÁ CHLOISEANN TÚ ALÁRAM AG BUALADH GO LEANÚNACH:**

**Fág an foirgneamh mar seo a leanas:**

1. SIÚL go scafánta (ná rith) – chuig an bpointe éalaithe is gaire.
2. NÁ déan moill ag bailiú do mhaoin phearsanta. D'fhéadfadh sé seo moill a chur ar an bpróiseas agus ní hamháin go mbeifeá féin i mbaol ach bheadh daoine eile i mbaol freisin.
3. Dún gach doras i do dhiaidh (nuair is indéanta).
4. Ná húsáid na hardaitheoirí. I gcás éigeandála, gearrtar an chumhacht chuig na hardaitheoirí.
5. NÁ BLOCÁIL AN TSLÍ ÉALAITHE (bealach amach) TRÍ BHAILIÚ AR AN STAIGHRE.
6. Tionóil ag an ionad tionóil atá ainmnithe don fhoirgneamh. Tá sé tábhachtach tionól ag an ionad tionóil seo, agus na treonna atá marcáilte go soiléir a leanúint, chun brú a sheachaint agus chun bealach isteach éasca a thabhairt do na seirbhísí éigeandála.
7. Agus an foirgneamh á fhágáil agus tú ag teacht ag an ionad tionóil ní mór aird a thabhairt ar threoracha na maor agus iad ag iarraidh áiteanna a choinneáil saor ó bhacainní.
8. NÁ téigh ar ais san fhoirgneamh go mbeidh cead tugtha ar maor an ionaid tionóil.





# Coláiste Bhréanainn

(Comharchumann Íde Naofa Teoranta)

Seol gach litir chuig:

Coláiste Bhréanainn  
Baile an Bhuineánaigh  
Co. Chiarraí.  
Fón 068-27216 (samhradh)  
www.colaiстеbbb.ie

ríomhphost eolas@colaiстеbbb.ie

18 Sr. Thomáis  
Luimneach  
Fón 061-400987.  
087-2372197

## Polasaí um Shaor ó Chaitheamh Tobac Choláiste Bhréanainn

### 1. Ginearálta

**1.1 Scóip:** Baineann an polasaí seo le daltaí, baill foirne, tuismitheoirí, sainchomhairleoirí, úsáideoirí seirbhísí, conraitheoirí agus cuairteoirí ar Choláiste Bhréanainn.

**1.2 Comhthéacs:** Cuireadh an polasaí seo le chéile i gcomhairle leis an choiste ar fad. Ba chóir é a léamh i gcónasc le Polasaí um Shláinte is Sábháilteachta, Polasaí um Bhainistíocht Daltaí agus Ciorclán DES M 25/04 Dianchosc ar Chaitheamh Tobac i Suíomhanna Oibre.

**1.3 Réasúnaíocht:** Glaotar Deatach Tobac Timpeallachta agus caitheamh fulangach tobac ar thoit thánaisteach. Is cúis le galair é, le hailse scámhóg agus galar croí san áireamh, i leith tríú páirtithe. Ní chuireann deighilt idir daoine a chaitheann tobac agus daoine nach gcaitheann tobac laistigh den aerspás céanna, nó aeráil, cosc ar nochtadh toitthánaisteach. Dá bhrí sin, cuireadh an polasaí seo le chéile chun cosaint a thabhairt do dhaltaí, do bhaill foirne agus do chuairoteoirí ó nochtadh le toit thánaisteach, chun oibleagáid a chomhlíonadh agus chun sábháilteacht san ionad oibre a dheimhniú.

**1.4 Toitín Leictreonach:** Cé go dtáirgíonn toitíní leictreonacha gal seachas deatach, cuireann Coláiste Bhréanainn cosc ar “vaping” agus ar thoitíní leictreonacha a chaitheamh. Don pholasaí seo, déanfar trácht ar thoitíní leictreonacha mar ghnáth-thoitíní agus baineann an polasaí iomlán leo chomh maith.

### 2. Clár an Pholasaí

**2.1 Cuspóirí:** Is polasaí é i gColáiste Bhréanainn go bhfuil gach saotharspás saor ó thobac agus go bhfuil sé de cheart ag na baill foirne agus ag na daltaí obair agus foghlaim i suíomh atá saor ó thobac. Tá cead tobac a chaitheamh ach sa lathair chaite tabac amháin do bhaill foirne.

Baineann an polasaí seo le gach dalta, ball foirne agus cuairteoir. Chomh maith leis sin, is polasaí é i gColáiste Bhréanainn nach bhfuil sé de chead ag daltaí tobac a chaitheamh ar thailte scoile nó nuair atá siad ag caitheamh agus/nó ar thurasanna/gníomhaíochtaí scoile.

**2.2 Feidhmiú:** Tá dualgas ar an bPríomhoide, ar an Leas-Phríomhoide, nó ar aon duine eile atá i gceannas na coláiste, an polosaí a chur i bhfeidhm. Tá freagracht ar na baill foirne ar fad cloí leis an bpolasaí agus cur i bhfeidhm an pholosaí a éascú chomh maith.

Roinneann na baill foirne go léir an freagracht ó thaobh an polasaí a chur i bhfeidhm de bharr an dualgais cúraim atá orthu maidir le daltaí agus le comhghleachaithe. Tá dualgas ar na daltaí cloí leis an bpolasaí agus é a éascú. Cuirfear na baill foirne go léir ar an eolas maidir lena ndualgais ó thaobh cur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí.

### **3. Neamhchomhlíonadh leis an bPolasaí**

**3.1** Tabharfaidh bainistíocht na scoile faoi aon neamhchomhlíonadh leis an bpolasaí a dhéanann aon bhall foirne agus/nó dalta. Is féidir baill foirne, seirbhísí agus ar chuairoteoirí a sháraíonn an dlí maidir le cosc a chur ar chaitheamh tobac i suíomhanna oibre a ionchúisiú.

### **3.2 Nós imeachta má sháraíonn duine éigin Alt 47 den Acht um Shláinte Phoiblí 2004 (Tobac) a chuireann cosc ar chaitheamh tobac i suíomhanna oibre:**

- Tarraingítear aird ar na comharthaí “Cosc ar Thobac” agus cuirtear é/í ar an eolas go bhfuil coir á dhéanamh aige/aici trí thobac a chaitheamh ar an láthair.
- Tugtar comhairle dó/di go bhfuil polasaí saor ó chaitheamh tobac ag an gcoláiste chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil timpeallacht oibre shláintiúil ann le haghaidh baill foirne agus daltaí.
- Má leanann sé/sí ar aghaidh ag caitheamh tobac cuirtear in iúl dó/di go bhfuil rialacha an choláiste á mbriseadh agus go mbeidh smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm.
- Cuirfear an nós imeachta áraíochta i bhfeidhm má sháraítear an polasaí maidir le bheith saor ó chaitheamh tobac. Déanfar gníomh áraíochta de réir na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm nuair a sháraítear aon ghnáthamh sláinte agus sábháilteachta eile.
- Má sháraíonn pearsanra seachtrach an polasaí (m.sh. cuairteoirí agus soláthraithe), déileálfar leo de réir Ciorclán DES M 25/04 Dianchosc ar Chaitheamh Tobac i Suíomhanna Oibre.
- Má sháraíonn dalta na rialacha maidir le caitheamh tobac, cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm de réir Polasaí um Bhainistíocht Daltaí. Cuirfear Tuairisc maidir le Mí-Úsáid Substaintí i gcrích agus cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas. Tabharfar tuairisc ar aon chás maidir le caitheamh tobac don Phríomhoide.

### **3.3 Scor ón gcaitheamh**

Tá eolas maidir le stop a chur le caitheamh tobac ar fáil ón Líne Náisiúnta Scor den Tobac (National Smokers Quit Line) trí ghlaoch a chur ar 1850 201203 nó ón Roinn um Chur Chun Cinn na Sláinte i mBórd Sláinte áitiúil. Ghlac an Coiste leis an bpolasaí seo ar an 6ú Meán Fómhair 2017. Tá sé ar fáil do ghach ball de Choláiste Bhréanainn. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ar bhonn bliantúil agus/nó de réir mar is gá.

Sínithe\_\_\_\_\_

Colm Ó Cathasaigh

Rúnaí an Choláiste

Dáta\_\_\_\_\_

Sínithe\_\_\_\_\_

Anne-Marie Scully

Cathaoirleach an Choiste:

Dáta\_\_\_\_\_